Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10528/26**
**ADD 1**

**DELACT 98**
**PECHE 238**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3933 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun an tuarascáil eolaíoch bhliantúil agus an tuairisciú ar ghabhálacha bliantúla iomlána a chur isteach, na caighdeáin le haghaidh líne-ualú in Iarscríbhinn I, na ceanglais maidir le sonraí soithí in Iarscríbhinn V, na ceanglais maidir le sonraí breathnóra in Iarscríbhinn X, agus na ceanglais maidir le sonraí calafoirt in Iarscríbhinní XI agus XII |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3933 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 3933 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2026
C(2026) 3933 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun an tuarascáil eolaíoch bhliantúil agus an tuairisciú ar ghabhálacha bliantúla iomlána a chur isteach, na caighdeáin le haghaidh líne-ualú in Iarscríbhinn I, na ceanglais maidir le sonraí soithí in Iarscríbhinn V, na ceanglais maidir le sonraí breathnóra in Iarscríbhinn X, agus na ceanglais maidir le sonraí calafoirt in Iarscríbhinní XI agus XII**

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, V, X, XI agus XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/975 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I:

‘IARSCRÍBHINN I

**Caighdeáin le haghaidh líne-ualú**

1. I gcás córais ualaithe sheachtraigh, déanfaidh soithí córas ualaithe spiléir a úsáid trína mbaintear amach ráta suncála íosta inléirithe i gcás an spiléir, is é sin, ráta íosta 0,3 méadar/soicind in aghaidh an 15 mhéadar de dhoimhneacht trealaimh. Go sonrach:

(a) maidir le línte ualaithe seachtracha i bhfoirmíocht an chórais Spáinnigh agus maidir le sodarlínte, déanfar mais 8,5 kg ar a laghad a úsáid ag achair nach faide ná 40 m má úsáidtear carraigeacha, mais 6 kg ar a laghad a úsáid ag achair nach faide ná 20 m i gcás meáchain choincréite, agus meáchain 5 kg ar a laghad a úsáid ag achair nach faide ná 40 m i gcás meáchain miotail sholadacha;

(b) maidir le línte ualaithe seachtracha in uathlíne, déanfar mais 5 kg ar a laghad a úsáid ag achair nach faide ná 40 m agus déanfar í a scaoileadh ó shoithí ar mhodh ina seachnaítear teannas ar gcúl (d'fhéadfadh sé go ndéanfadh teannas ar gcúl codanna den spiléar atá á n-úsáid cheana féin a ardú amach as an uisce).

2. I gcás soithí a úsáideann spiléir ualaithe inmheánaigh, beidh croíleacán luaidhe 50 g/m ar a laghad acu agus rachaidh siad faoin uisce láithreach le próifíl líneach agus bainfidh siad amach ráta suncála ar mó é ná 0,2 méadar/soicind.’

2. Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(1) I roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iv):

‘(iv) Uimhir IMO’;

(2) I roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (xix):

‘(xix) Cineálacha agus uimhreacha cumarsáide an tsoithigh (e.g. (uimhreacha INMARSAT A, B agus C, TSACOM, VSAT, STARLINK), nach mór a bheith comhoiriúnach leis na cinn a úsáideann Rúnaíocht SPRFMO’;

3. Leasaítear Iarscríbhinn X mar a leanas:

(1) I roinn A.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) Uimhir IMO’;

(2) I roinn B.2, cuirtear pointí (r) agus (s) seo a leanas isteach:

‘(r) Dáta agus am críochnaithe an tarlaithe siar (an t-am a bhfuil an líon go hiomlán ar bord) – AUL

(s) An líon castaí agus doirse an trálaeir ardaithe go leibhéal dhromchla an uisce le linn tarraingthe’;

(3) I roinn K.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) tá modhanna iascaireachta le tuairisciú trí úsáid a bhaint as cóid an Aicmithe Idirnáisiúnta Chaighdeánaigh Staidrimh ar Threalamh Iascaireachta (ISSCFG)’;

(4) I roinn O.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) Uimhir IMO’;

4. Leasaítear Iarscríbhinn XI mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Roinn 9:

‘9. Gabháil iomlán ar bord’;

5. Leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ranna 4, 5, 6 agus 7:

‘4. Meastóireacht ar an ngabháil a díluchtaíodh (le linn na cuairte seo ar chalafort)

| **Speiceas** | **Limistéar FAO gabhála** | **Riocht an táirge** | **Cainníocht dhearbhaithe a díluchtaíodh (kg)** | **Cainníocht a díluchtaíodh (kg)** | **Difríocht idir an chainníocht a dearbhaíodh agus an chainníocht a cinneadh, más ann di** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

5. Meastóireacht ar an ngabháil a coinníodh ar bord

| **Speiceas** | **Limistéar FAO gabhála** | **Riocht an táirge** | **Cainníocht dhearbhaithe a coinníodh ar bord (kg)** | **Cainníocht a coinníodh ar bord (kg)** | **Difríocht idir an chainníocht a dearbhaíodh agus an chainníocht a cinneadh, más ann di** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

6. Speicis a bhainistíonn SPRFMO a fuarthas ó thrasloingsiú (le linn na cuairte seo ar chalafort)

| **Speiceas** | **Limistéar FAO gabhála** | **Riocht an táirge** | **Cainníocht dhearbhaithe a fuarthas (kg)** | **Cainníocht a fuarthas (kg)** | **Difríocht idir an chainníocht a dearbhaíodh agus an chainníocht a cinneadh, más ann di** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

7. Scrúdú agus torthaí

| Roinn: | Tuairimí: |
|---|---|
| Scrúdú logleabhar agus doiciméad eile: | |
| Comhlíonadh na scéime/na scéimeanna doiciméadaithe gabhála is infheidhme: | |
| Comhlíonadh na scéime/na scéimeanna faisnéise trádála is infheidhme: | |
| An cineál trealaimh ar bord: | |
| An trealamh a rinneadh scrúdú air[1]: | |
| Torthaí ó chigirí: | |
| Sáruithe dealraitheacha (cuir san áireamh tagairt d'ionstraimí dlíthiúla ábhartha): | |
| Tuairimí mháistir an tsoithigh: | |

| |
|---|
| Bearta a rinneadh: |
| Síniú mháistir an tsoithigh: |
| Síniú an chigire: |

[1] Scrúdú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an trealamh iascaireachta ábhartha uile ar bord, lena n-áirítear aon trealamh atá stuáilte as radharc chomh maith le gairis a bhaineann leis, agus, a mhéid is féidir, a fhíorú go bhfuil sé i gcomhréir le coinníollacha na n-údaruithe. Scrúdófar an trealamh iascaireachta freisin, a mhéid is féidir, d'fhonn a áirithiú go bhfuil gnéithe amhail méid an mhogaill agus tiús an tsreangáin, na gairis agus na ceangaltáin, toisí agus cumraíocht na n-eangach, na potaí, na dreidirí agus méid agus líon na nduán i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme agus go bhfuil na marcálacha ar aon dul leis na marcálacha atá údaraithe don soitheach.'